2024/1598

4.7.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 59/2024**

**an 15 Márta 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1598]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2484 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/715/AE a mhéid a bhaineann leis an Téaváin a chur ar liosta na dtríú tíortha a bhunaítear leis an gCinneadh sin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 15qb (Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/715/AE ón gCoimisiún) de Chaibidil XIII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32023 D 2484**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2484 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2023 (IO L, 2023/2484, 10.11.2023).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2484 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 16 Márta 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Márta 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L, 2023/2484, 10.11.2023.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.